C/2026/5031

30.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12586 — OTP BANK / LUMINOR HOLDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5031)

1. An 18 Meán Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— OTP Bank Nyrt. ('OTP Bank', an Ungáir),

— Luminor Holding AS ('Luminor Holding', an Eastóin), atá faoi rialú deiridh cistí cothromais phríobháidigh atá á mbainistiú ag Blackstone Inc. (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh OTP Bank rialú aonair ar Luminor Holding ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta atá liostaithe go poiblí é OTP Bank a thairgeann raon iomlán seirbhísí baincéireachta, lena n-áirítear baincéireacht mhiondíola agus chorparáideach, maoiniú, iasachtú, taiscí, agus seirbhísí íocaíochta, chomh maith le léasú, bainistiú sócmhainní, árachas, agus seirbhísí airgeadais gaolmhara eile san Ungáir, san Albáin, sa tSlóivéin, sa Bhulgáir, sa Chróit, sa tSeirbia, san Úcráin, sa Rúis, i Montainéagró, sa Mholdóiv agus san Úisbéiceastáin,

— Is máthairchuideachta grúpa cuideachtaí é Luminor Holding a sholáthraíonn raon leathan seirbhísí baincéireachta miondíola agus tráchtála, chomh maith le seirbhísí léasaithe, bainistithe cistí pinsin agus íocaíochta ríomhthráchtála san Eastóin, sa Laitvia agus sa Liotuáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12586 — OTP BANK / LUMINOR HOLDING

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË